

Uimhreas: Ionadluach agus bonn a deich – Moltaí don timpeallacht foghlama

SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Luachanna bhonn a deich a ionchorprú in amhráin uimhreacha agus dánta uimhreacha coitianta, m.sh., *One Big Hippo, 5 Little Monkeys, 10 Green Bottles, 100 is a Lot.*
- Deiseanna a chur ar fáil chun cluichí a imirt a thacaíonn le rannpháirtíocht spráúil le hionadluach agus bonn a deich, m.sh., *Tabhair buille faoi thuairim faoi m'Uimhir agus gníomhaíochtaí Loop Card.*
- Úsáid a bhaint as mion-ollmhargaí ranga, oifigí poist, srl. mar chomhthéacsanna fíorshaoil le haghaidh ionadluacha agus bonn a deich, m.sh., *lig do pháistí praghsanna agus tairiscintí speisialta a shocrú, tabhairt faoi bhoinn a chomhaireamh i ngrúpaí de €1, €10 agus mar sin de.*
- Taispeáin samplaí de straitéisí páistí maidir le gníomhaíochtaí réitigh fadhbanna ionadluacha agus bonn a deich timpeall an tseomra ranga, m.sh., *is féidir le páistí póstaear a chruthú chun a straitéisí a mhíniú, a shamhaltú agus a chur i láthair maidir le slánú, meastachán, uimhreacha a a chur in ord, srl.*
- Foghlaim ionadluacha agus bonn a deich a chur i bhfeidhm i trí ghníomhaíochtaí tras-snáithe/snáithaonaid, m.sh., *Tomhas, Airgead, Patrúin, rialacha agus caidrimh.*
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí dul i ngleic le cásanna fíorshaoil a bhaineann le huimhreacha móra, m.sh., *táillí aistrithe peile a phlé, stair neamhfhicsin nó leabhair eolaíochta a fhiosrú, imscrúdú a dhéanamh ar dhíolacháin ceirníní/figiúirí sruthaithe na gceoltóirí is fearr leo.*
- Aird a tharraingt ar earraí atá sa seomra ranga cheana féin a bhaineann úsáid as coincheapa bhonn a deich, m.sh., *bataí méadair, scálaí digite agus rialóirí.*

SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Ar shiúlóid dúlra, lig do ghrúpaí ábhair a chuardach ar thailte na scoile nó sa pháirc áitiúil. Spreag páistí chun a gceisteanna féin a chruthú faoina bhfuil bailithe acu, m.sh., *an féidir leat meastachán a dhéanamh ar líon na nduilleog sa charn? Cé mhéad grúpa de 10 is féidir leat a dhéanamh as na clocha?*
- Tabhair cuireadh d'aoichainteoir labhairt faoin gcaoi a n-úsáidtear ionadluach agus bonn a deich ina gcuid oibre, m.sh., *siopadóir, baincээр.*
- Tabhair cuairt ar shiopaí sa cheantar áitiúil mar spreagadh chun fiosrú agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear codáin, deachúlacha agus céatadáin i ndíolacháin, m.sh., *lascaíní, CBL.*
- Eagraigh conair mhata a chuimsíonn coincheapa a foghlaimíodh in ionadluach agus bonn a deich, m.sh., *teacht ar uimhir le ré-uimhir sa suíomh ina mbíonn an deich, teacht ar shraith de chúig mhír, teacht ar shraith míreanna is féidir leat a ghrúpáil i ndeicheanna agus in aonta agus sin a tharraingt, teacht ar uimhir is féidir a shlánú go dtí 200.*